



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

*Mayo, Sligo and Leitrim*

*Education and Training Board*

**PLEAN SEIRBHÍSE 2020**



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

<b>BILEOG RIALAITHE DOICIMÉID</b>	
<b>Uimhir thagartha an Doiciméid</b>	MSL – SP2020
<b>Teideal an Doiciméid</b>	Plean Seirbhíse 2020
<b>Doiciméad á thionscain ag</b>	An Roinn Oideachais agus Scileanna,
<b>Doiciméad tugtha chun críche ag</b>	Seirbhísí Corparáideacha, BOOMESL
<b>Dáta arna fhaomhadh ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí, BOOMESL</b>	10 Feabhra, 2020
<b>Dáta arna ghlacadh ag Bord BOOMESL</b>	11 Feabhra, 2020



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Clár

<b>1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma</b> .....	4
<b>2. Réamhfocal leis an bPríomhfheidhmeannach</b> .....	4
<b>3. Próifíl / Cúlra BOOMESL</b> .....	5
<b>Léarscáil Thíreolaíoch de BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma</b> .....	6
<b>4. Ráiteas Straitéise</b> .....	8
<b>Forálacha Cur Chun Feidhme agus Monatóireachta</b> .....	10
<b>Sreabhadh Oibre don Timthriall Pleanála</b> .....	11
<b>5. Ráiteas Seirbhísí 2020 – Spriocanna agus Straitéisí</b> .....	13
<b>Ráiteas Seirbhísí – Scoileanna agus Coláistí</b> .....	28
<b>Iar-Ardteistiméireacht</b> .....	31
<b>Cláir Críochnaithe Scoile</b> .....	32
<b>Ráiteas Seirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint</b> .....	34
<b>Raon Feidhme an tSoláthair</b> .....	35
<b>Ionaid Oiliúna BOOMESL agus Soláthar Oiliúna</b> .....	36
<b>An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas</b> .....	36
<b>An tSeirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta</b> .....	37
<b>Oideachas Pobail</b> .....	37
<b>Uaireanta Comhoibríthe FET</b> .....	38
<b>Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)</b> .....	39
<b>Ionaid Oiliúna Pobail</b> .....	39
<b>An tSeirbhís um Threoir agus Faisnéise san Oideachas Aosach</b> .....	40
<b>Cúrsaí Oíche agus Ranganna Oíche Féinmhaoinithe</b> .....	40
<b>Scileanna i gcomhair na hOibre</b> .....	41
<b>Scileanna i gcomhair Dul Chun Cinn – Clár Forbartha d’Fhostaithe</b> .....	41
<b>Obair Óige</b> .....	42
<b>Ógtheagmháil</b> .....	43
<b>Music Generation</b> .....	45
<b>6. FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ 2020</b> .....	50
<b>7. CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA</b> .....	51



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Táim ríméadach Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL) a chur faoi bhur mbráid le haghaidh 2020.

Tá an Plean Seirbhíse seo á fhorbairt chun cur ar chumas BOOMESL a sholáthar oideachais agus oiliúna a fhás agus a fheabhsú agus léiriú a thabhairt ag an am céanna ar riachtanais ár bhfoghlaimoirí agus ár bpáirtithe leasmhara. Sainnithnítear sa Plean seo na gníomhaíochtaí ábhartha, na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna chun spriocanna agus tosaíochtaí BOOMESL a bhaint amach agus leagtar amach ann na seirbhísí a chuirfear ar fáil dár bpobail sa bhliain 2020.

Is mian liom an obair a rinneadh ar an bPlean Seirbhíse seo a mholadh agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, le foireann uile BOOMESL agus leis na páirtithe leasmhara go léir a chuidigh le forbairt an phlean. Seachadadh an plean seo mar gheall ar obair den chaighdeán is airde a rinneadh agus léiríonn sé tiomantas ard BOOMESL.

**An tUasal Mary Bohan, Cathaoirleach**

## 2. Réamhfocal leis an bPríomhfheidhmeannach

Tá ríméad orm Plean Seirbhíse BOOMESL a fhoilsiú le haghaidh 2020. Is cuid thábhachtach dár n-oibleagáidí comhlíontachta agus reachtúla é an Plean Seirbhíse seo i dtaca leis na seirbhísí a sheachadadh do BOOMESL don bhliain seo. Tá BOOMESL tiomanta do na cuspóirí a bhfuil cuntas orthu sa phlean seo a sheachadadh ag teacht lenár Ráiteas Straitéise agus raon leathan seirbhísí a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí agus don phobal.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair bhreá atá á déanamh ag ár bhfoireann i ngach ceann dár n-oifigí riaracháin, scoileanna agus ionaid in BOOMESL. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a chuir an plean seo i dtoll a chéile agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann ár mBord agus gach duine dár bpáirtithe leasmhara chun cabhrú le seirbhísí BOOMESL a sheachadadh. Tá a fhios agam go mbeidh deis againn de bharr tiomantas leanúnach ár bhfoirne an plean seo a sheachadadh agus táim ag tnúth le bheith ag obair leo siúd ar fad lena mbaineann sa bhliain 2020.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a thugann an Roinn Oideachais agus Scileanna agus SOLAS agus ár bpáirtithe maoinithe eile ar fad agus buíochas a ghlacadh leo as a dtacaíocht leanúnach.

**Tom Grady, Príomhfheidhmeannach (Gníomhach)**

### **3. Próifíl / Cúlra BOOMESL**

Is údaráis reachtúla iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) atá freagrach as oideachas agus as oiliúint, as obair óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus oibríonn na Boird scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail ilchreidmheacha agus raon ionad oideachais don aosaigh agus breisoideachais a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil.

Tá feidhmeanna na mBord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach san *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013*. Bunaíodh na Boird Oideachais agus Oiliúna an 1 Iúil 2013, agus tháinig 16 BOO nua in ionad an 33 Coiste Gairmoideachais a bhí ann roimhe sin. Rinneadh cónascadh ar Choiste Gairmoideachais (CG) Chontae Mhaigh Eo, CG Chontae Shligigh agus CG Chontae Liatroma in 2013 agus bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL). Ionchorpraíodh Ionaid Oiliúna i Sligeach agus i mBéal an Átha, a feidhmíodh roimhe sin faoi FÁS agus ansin SOLAS, ina dhiaidh sin agus rinneadh aonán nua amháin díobh, BOOMESL.

In 2014, rinneadh Ionaid Oiliúna i Sligeach agus i mBéal an Átha a d'fheidhmigh FÁS / SOLAS roimhe sin a ionchorprú in BOOMESL. Soláthraíonn BOOMESL raon leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna anois ar fud an réigiúin mar a bhfuil cuntas air ar leathanach 8.

Tá an limistéar tíreolaíoch is mó de na Boird Oideachais agus Oiliúna ar fad ag BOOMESL, ag cumhdach limistéar foriomlán 9,014 km<sup>2</sup>. Síneann sé ón Drobhaois gar do Bhun Dobhráin go dtí leithinis Iorrais san iarthar, síos go dtí an Caoláire Rua agus trasna go dtí an tSionainn ag Cora Droma Rúisc. Freastalaíonn BOOMESL ar dhaonra 228,086 (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2016) duine agus tá a cheannoifig lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, agus fo-oifigí i Sligeach agus i gCora Droma Rúisc.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Léarscáil Threolaíoch de BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

### **Leagan GA:**

- A: Coláistí Iar-Ardteistiméireachta
- B: OÓgtheagmháil
- C: Éascaitheoirí Oideachais Pobail\*
- D: Music Generation
- E: Scileanna i gcomhair na hOibre\*\*
- F: Soláthar Ranganna Oíche
- G: Ionaid Oiliúna
- H: Iarbhunscoileanna
- I: Seirbhísí do Chomhairleoirí Gnó
- J: Ionaid Oiliúna Pobail
- K: Clár Sainoiliúna
- L: Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- M: Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- N: Ionad Bunoidreachais d'Aosaigh
- O: Seirbhísí Óige
- P: Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
- Q: An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach
- R: Ionad Oideachais Allamuigh Acla

Feidhmíonn triúr Éascaitheoirí san Oideachas Pobail laistigh de Bhord Oideachais Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus bíonn cúrsaí ar súil in áiteanna éagsúla ar fud na dtrí chontae\*

Feidhmíonn beirt Éascaitheoirí Scileanna i gcomhair na hOibre laistigh de Bhord Oideachais Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus bíonn cúrsaí ar súil in áiteanna éagsúla ar fud na dtrí chontae\*\*



# msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board



- |  |   |
|--|---|
| <b>A</b> Post Leaving Certificate Colleges (PLC) | <b>K</b> Specialist Training Programme (STP)                      |
| <b>B</b> Youthreach                              | <b>L</b> Local Training Initiatives                               |
| <b>C</b> Community Education Facilitators*       | <b>M</b> Back to Education Initiative (BTEI)                      |
| <b>D</b> Music Generation                        | <b>N</b> Adult Basic Education Centre                             |
| <b>E</b> Skills for Work** (SFW)                 | <b>O</b> Youth Services   |
| <b>F</b> Night Class Provision                   | <b>P</b> The Vocational Training Opportunities Scheme (VTOS)      |
| <b>G</b> Training Centres                        | <b>Q</b> Adult Educational Guidance & Information Service (AEGIS) |
| <b>H</b> Post Primary Schools                    | <b>R</b> Achill Outdoor Education Centre                          |
| <b>I</b> Services to Business Advisors           |   |
| <b>J</b> Community Training Centres              |   |
- Three Community Education Facilitators operate within MSLETB with courses running in various locations throughout the three counties\*
- Two Skills for Work Facilitators operate within MSLETB with courses running in various locations throughout the three counties\*\*



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## 4. Ráiteas Straitéise

Faoi Alt 27 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013*, iarrtar ar BOOMESL Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh tréimhse cúig bliana. Ach an Ráiteas Straitéise a fhorbairt, tá BOOMESL tiomanta d'oibriú le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara thar thréimhse cúig bliana chun seachadadh seirbhísí oideachais agus oiliúna do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a fheabhsú i Maigh Eo, i Sligeach agus i Liatroim.

Rud atá lárnach do na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse seo ná go mbeidh feabhas leanúnach ar cháilíocht na n-eispéireas foghlama do gach foghlaimeoir. Déanfaidh BOOMESL dul chun cinn chun aibiú mar eagraíocht bheo, foghlama a bheidh ag gabháil do riachtanais a athraíonn go mear ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chun freagairt go héifeachtach dóibh. Leagtar amach spriocanna agus straitéisí sa Ráiteas Straitéise i gcúig phríomhréimse mar seo a leanas:

<b>Cuspóir 1</b>	Teagasc, foghlaim agus oiliúint den scoth
<b>Cuspóir 2</b>	Eispéireas dearfach do gach duine i dtimpeallacht chothrom uilechuimsitheach
<b>Cuspóir 3</b>	Rialachas corparáideach agus comhlíonadh láidir
<b>Cuspóir 4</b>	Cultúr eagraíochta dearfach agus folláin a chur chun cinn
<b>Cuspóir 5</b>	Seasamh BOOMESL mar chuid lárnach den phobal a chur chun cinn

*Ráiteas Straitéise 2018 – 2022 BOOMESL* ina dtugtar bonn eolais d'fheidhmiú, beartais agus deimhniú cáilíochta foriomlán seirbhísí BOOMESL.

### Ár bhFís

Is é fís BOOMESL a bheith mar Bhord Oideachais agus Oiliúna dinimiciúil a sholáthraíonn eispéireas dearfach dá chuid foghlaimeoirí go léir i dtimpeallacht oideachais agus oiliúna gairmiúil, cineálta agus comhoibritheach.

### Ár Misean

Is é misean BOOMESL deiseanna saoil agus maireachtála a chur ar fáil dóibh sin inár bpobail.





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Ár Luachanna agus ár nIompraíochtaí

D'aithin an eagraíocht croí-luachanna atá mar bhonn is mar thaca ag obair na heagraíochta le foghlaimeoirí, leis an bhfoireann agus leis an bpobal. In éineacht le gach ceann de na luachanna sin, mapáladh iompraíochtaí comhfhreagracha, ina dtugtar cuntas ar an gcaoi a gcuireann an eagraíocht na luachanna sin ag obair.

LUACHANNA	IOMPRAÍOCHTAÍ
<b>Réamhghníomhach</b>	<ol style="list-style-type: none"><li>1. Déanfaimid iarracht díriú ar réitigh, a bheith solúbtha agus cuirimid fáilte roimh smaointe nua</li><li>2. Féachfaimid le freagra a thabhairt ar gach duine a bhíonn i dteagmháil le BOO.</li><li>3. Bainfimid úsáid as sonraí ábhartha agus féachfaimid lenár seirbhís a dhéanamh freagrúil chun freastal ar riachtanais ár ndaoine.</li></ol>
<b>Gairmiúil</b>	<ol style="list-style-type: none"><li>1. Caithfimid le gach duine le hómós agus go gairmiúil de réir ár bprionsabail rialachais.</li><li>2. Cuirfimid íomhá dhearfach chun cinn laistigh agus lasmuigh den eagraíocht.</li><li>3. Beimid ag spreagadh agus ag gabháil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.</li><li>4. Déanfaimid machnamh ar ár gcuid oibre agus déanfaimid athbhreithniú ar ár gcleachtais oibre.</li></ol>
<b>Cáilíocht</b>	<ol style="list-style-type: none"><li>1. Féachfaimid le barrmhaitheas a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid.</li><li>2. Lorgóimid agus aithneoidimid go gníomhach caighdeáin agus bealaí nua chun ár seirbhís a fheabhsú.</li><li>3. Déanfaimid measúnú ar oiriúnacht ár gcórais, ár struchtúir agus ár gcláir chun deiseanna i gcomhair feabhais a shainaithint agus a chur chun feidhme.</li></ol>
<b>Comhoibriú</b>	<ol style="list-style-type: none"><li>1. Tabharfaimid cumhacht dóibh sin in BOOMESL oibriú i gcomhar lena chéile chun luach na seirbhíse a thugaimid ár bhfoghlaimeoirí a uasmhéadú.</li><li>2. Tá muinín againn i ngach duine i BOOMESL gníomhú le hionracas agus iad féin a iompar go heiticiúil.</li><li>3. Lorgóimid deiseanna chun cumarsáid lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár gcomhghleacaithe a fheabhsú.</li></ol>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Forálacha Cur Chun Feidhme agus Monatóireachta

Forbraítear an Plean Seirbhíse seo chun tacú le cur chun feidhme *Ráiteas Straitéise 2018 – 2022* BOOMESL. Cé go leagtar amach ár dtosaíochtaí agus ár n-aidhmeanna thar thréimhse cúig bliana sa *Ráiteas Straitéise*, tá sé tábhachtach go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun tacú lena seachadadh.

Fad is a bhí an Plean Seirbhíse á fhorbairt tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le Bainisteoirí Sinsearacha agus le Príomhoidí thar gach réimse soláthair lena chinntiú go bhfuil na gníomhartha atá leagtha amach le seachadadh i rith thimthriall an Phlean Seirbhíse oiriúnach do na tosaíochtaí agus aidhmeanna foriomlána atá leagtha amach sa *Ráiteas Straitéise Corparáideach*.

Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin freisin go mbeifear in ann na torthaí atá leagtha amach le haghaidh 2020 a bhaint amach agus gur rudaí iad atá faoi chúram na mBainisteoirí Sinsearacha agus na bPríomhoidí ina réimsí soláthar seirbhíse faoi seach.

Chun tacú le seachadadh na dtorthaí a sainaitníodh, tá Ceannairí Tionscadail agus Urraitheoirí sainaitheanta i ngach réimse soláthair

Sainítear ról na gCeannairí Tionscadal agus na nUrraitheoirí mar seo:

### **Ceannaire Tionscadal:**

Tá an Ceannaire freagrach as seachadadh an ghnímh a stiúradh trí oibriú leis an mBainistíocht, le comhghleacaithe agus le comhghleacaithe eile de réir mar is gnáth chun an toradh beartaithe a sheachadadh.

### **Urraitheoir:**

Tacú leis an gCeannaire trí bhualadh leis go rialta lena chinntiú go bhfuil an dul chun cinn de réir sceidil agus chun cabhrú le saincheisteanna oscailte a réiteach. Cuidiú freisin chun a chinntiú go gcuirfead na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo ón ngníomh a dhéanamh a chur i gcrích.

In éineacht leis an méid thuas, tá na grúpaí seo a leanas ann freisin chun cúnamh agus/nó acmhainní a sholáthar nuair is gá lena chinntiú go ndéantar torthaí a sheachadadh;

- Grúpa Feidhmiúcháin
- Grúpa Bainistíochta Sinsearaí
- Grúpa Ceannaireachta FET
- Grúpa Prionsabal




**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Buaileann na grúpaí sin le chéile go rialta agus tugann siad tacaíocht trasearnála/suímh do na ceannairí tionscadail agus d'urraitheoirí trína chinntiú go mbeidh próiseas cumarsáide ilghnéitheach ann chun tacú leis an seachadadh agus é a fhaire. Áirítear leis an tacaíocht sin freisin, nuair is cuí, grúpaí oibre tras-seirbhíse a bhunú i gcás ina dteastaíonn an rud céanna ó ghníomhartha ar leith a sainathnódh i gcomhair seachadta, e.g. grúpa oibre inlín, Straitéis TEL.


### Sreabhadh Oibre don Timthriall Pleanála





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board



Tá sé tábhachtach go mbainfear leas as an bpróiseas thuas chun trédhearcacht agus soiléire cuspóra a chinntiú agus díriú ar chomhoibriú le chéile chun an méid atá leagtha amach againn thar shaolré an Ráitis Straitéise a sheachadadh.

## 5. Ráiteas Seirbhísí 2020 – Spriocanna agus Straitéisí

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe maidir le Seachadadh Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOOMESL, sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Déanfar na gníomhartha sonracha chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara a sheachadadh mar seo a leanas;

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
<b>Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú</b>	Eispéireas foghlama dearfach a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallacha	Is é fíís BOOMESL a bheith mar Bhord Oideachais agus Oiliúna dinimiciúil a sholáthraíonn eispéireas dearfach dá chuid foghlaimeoirí go léir i dtimpeallacht oideachais agus oiliúna gairmiúil, cineálta agus comhoibritheach.  Leanfaidh BOOMESL ag cur na fíise in iúl agus cinnteoidh sé go mbeidh sé i gcoilár gach a dhéanann ár scoileanna agus ár n-ionad chun feidhmiú.	De réir Ráiteas Straitéise BOOMESL, beidh gach Stiúrthóir freagrach laistigh dá réimsí faoi seach agus cuirfidh siad tuairiscí ar fáil ag tréimhsí rialta.	A chinntiú go dtabharfar eispéireas foghlama dearfach do gach foghlaimeoir a bheidh ag obair le BOOMESL.
	Curaclam atá bunaithe go leathan a chur ar fáil	Leanfaidh BOOMESL ag cur foghlaim agus teagasc ar ardchaighdeán chun cinn laistigh dá chuid scoileanna ar fad.  Leanfaidh BOOMESL ag obair le páirtithe leasmhara chun cláir nua a shainaithint agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais athraithe an fhórsa saothair as	Rannpháirtíocht agus measúnuithe mac léinn.  Méadú ar fhorbairt clár - oibreoidh BOOMESL le foghlaimeoirí agus le fostóirí agus beidh sé mar aidhm aige printíseachtaí	Tá scoileanna i mbun feabhais leanúnaigh.  Cláir bhreise a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na ndaoine ar fad a



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

		<p>a dtagann cáilíochtaí ag Leibhéil 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a choibhéis.</p> <p>Leanfaidh BOOMESL ag tabhairt tosaíochta d'fhorbairt na bPrintíseachtaí don Ghlúin Nua, Cúrsaí Oiliúna Náisiúnta do Ghairmeacha Beatha agus forbairt agus bailíochtú ar dhámhachtainí nua FET faoi Bheartais agus Critéir Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann le haghaidh bailíochtú na gclár as a dtiocfaidh an Córas Comhdámhachtainí (CC).</p>	<p>breise don ghlúin nua agus Cúrsaí Oiliúna Náisiúnta Gairmeacha Beatha agus dámhachtainí QQI a fhorbairt.</p>	<p>bhíonn ag gabháil do sheirbhísí BOOMESL.</p>
	<p>Córais Dearbhú Cáilíochta a Chur Chun Feidhme</p>	<p>Leanfaidh scoileanna ag cur caighdeán a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméad LAOS chun feidhme</p> <p>Cuirfidh BOOMESL plan gníomhaíochta feabhsúcháin cáilíochta chun feidhme chun dul i ngleic le saincheisteanna arna sainaithe ag BOO inár dTuarascáil Féin-Mheasúnaithe ag eascairt ón gcuairt a thug an fhoireann athbhreithnithe le linn Chéad Athbhreithniú BOOMESL ar Dhearbhú Cáilíochta.</p>	<p>Sainaithear an deachleachtas i gcigireachtaí scoile.</p> <p>Bhunaigh BOOMESL córas Rialachais QA FET chun ár gCóras nua Dearbhaithe Cáilíochta i gcomhair FET a chur chun feidhme.</p>	<p>A chinntiú go mbogfaidh gach scoil i dtreo cleachtais atá an-éifeachtach.</p> <p>Córas comhtháite Dearbhaithe Cáilíochta a chur chun feidhme go rathúil</p>
	<p>Tacú le scoláirí/foghlaimoírí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil ag teacht leis an mbeartas náisiúnta reatha</p>	<p>Leanfaidh BOOMESL ag tabhairt tús áite agus ag tacú le hidirghabhálacha dearfacha do scoláirí/fhoghlaimoírí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus grúpaí imeallaithe eile.</p>	<p>Leanfaidh BOOMESL ag cur straitéisí DEIS chun feidhme.</p> <p>Leanfaidh BOOMESL ag soláthar seirbhísí Ógtheagmhála i ngach contae.</p>	<p>Tacaíocht a thabhairt do gach scoláire/foghlaimoír atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.</p>



# msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

	Treoir agus seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar	Leanfaidh scoileanna ag soláthar treoir agus comhairleoireacht éifeachtach.  Leanfar ag comhtháthú treoir agus faisnéis agus seirbhísí earcaíochta do dhaoine fásta in BOOMESL.	Beidh rochtain ag gach foghlaim i Scoileanna ar threoir agus ar chomhairleoireacht.  Déanfaidh BOOMESL comhtháthú ar sheirbhísí treorach agus faisnéise do dhaoine fásta i ngach clár agus soláthar.	Rochtain a thabhairt do gach foghlaiméoir ar sheirbhísí treorach, comhairleoireachta agus faisnéise
	Saoráidí foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar	Tá BOOMESL tiomanta do shaoráidí oiriúnacha agus cuí a sholáthar do Scoileanna agus Breisoideachas agus Oiliúint agus tá na saoráidí go léir á n-athbhreithniú faoi láthair.	Déanfaidh BOOMESL athbhreithniú ar gach saoráidí agus lorgóidh sé maoiniú chun saoráidí a dteastaíonn uasghrádú uathu a fheabhsú.	Tá gach saoráid foghlama/oiliúna de chuid BOOMESL ar ardchaighdeán.
	Oideachas faoin spéir a chur chun cinn agus a fhorbairt	Leanfaidh BOOMESL ag soláthar oideachas faoin spéir inár n-ionad in Acaill.	Cuirfidh BOOMESL an soláthar oideachais faoin spéir chun cinn agus feabhsóimid é.	Chun an soláthar oideachais faoin spéir a mhéadú agus an soláthar reatha a fheabhsú.
	Pleanáil i gcomhair déimeagrafacha athraithe	Leanfaidh BOOMESL i mbun monatóireachta agus athbhreithnithe ar dhobharcheantair áitiúla.	Tabharfaidh BOOMESL freagra iomchuí ar na hathruithe sin.	Tabharfaidh BOOMESL freagra réamhghníomhach ar déimeagrafaic a bheidh ag athrú agus freastalóidh sé ar na



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

				riachtanais a bhainfidh leis sin.
	Oibreoidh sé go héifeachtach le fostóirí	Tá BOOMESL ag cruthú grúpaí rannpháirtíochta fiontraíochta réigiúnaí go háitiúil	Tá méadú ar rannpháirtíocht i gcúrsaí fiontraíochta i ngach réigiún agus tá an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna á fhorbairt trína dtairgtear uas-sciliú agus deiseanna athscilithe.	Caidrimh bhisiúla a fhorbairt le fostóirí, ceaptha chun infhostaitheacht foghlaimoirí a fheabhsú agus tacú leis
	Cláir oiliúna agus printíseachta a sholáthar agus a fhorbairt	Tá BOOMESL mar phríomhsholáthraí printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna.	Leanfaidh BOOMESL ag leathnú san earnáil seo.	Beidh gach foghlaimoir in ann printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna áitiúla agus náisiúnta a rochtain.
	A chinntiú go mbeidh na bearta cosanta leanaí is gá i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta Cosanta Leanáí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017	I scoileanna agus in Ionaid Breisoideachais, tá na nósanna imeachta agus na beartais go léir maidir le cosaint leanaí agus daoine fásta leochaileacha i bhfeidhm.	Tá socrú déanta ag gach scoil agus ionad chun oiliúint agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a chur i bhfeidhm.	Tá na bearta cosanta leanaí go léir is gá i bhfeidhm ag gach scoil agus ionad de réir na Nósanna Imeachta Cosanta Leanáí do Bhunscoileanna agus





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

				d'Iarbhunscoileanna 2017.
	Tosaíochtaí STEM/STEAM i scoileanna	Ghlac BOOMESL leis an bplean cur chun feidhme STEAM do scoileanna.	Leanfaidh BOOMESL i mbun monatóireachta agus athbhreithnithe ar an bplean cur chun feidhme.	Spreagfar gach foghlaimeoir agus beidh rochtain acu ar ábhair STEAM.
	Cuirfear tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán ar fáil i scoileanna/ionaid	Cuirfidh BOOMESL úsáid na teicneolaíochta chun cinn chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú agus an teicneolaíocht a ionchorprú do gach foghlaimeoir. Saoráidí TFC ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a sholáthar agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn don fhoireann.	Leanfaidh scoileanna agus ionaid BOOMESL ag comhtháthú agus ar cur chun cinn TFC dá chuid foghlaimeoirí go léir i seomraí ranga ina bhfuil an teicneolaíocht cumasaithe i scoileanna/ionaid.	Déanfar comhtháthú ar TFC ar fud an tsoláthair Breisoideachais agus sna Scoileanna BOOMESL go léir.
<b>Sprioc</b>	<b>Tosaíocht</b>	<b>Gníomh</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>
<b>Tacaíocht Foirne</b>	Foireann a earcú agus a choimeád	Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta reatha chun a chinntiú go mbeidh próiseas dinimiciúil i bhfeidhm ionas go mbeifear in ann na daoine is fearr a earcú chun freastal ar riachtanais eagraíochta anois agus sa todhchaí	Forbrófar Nós Imeachta Earcaíochta agus Roghnúcháin	An dea-chleachtas a chinntiú sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

	Tacú leis an bhfoireann le forbairt ghairmiúil leanúnach	Caidreamh agus tacaíocht do Chomhordaitheoir Forbartha Gairmiúil BOOMESL chun Plean Forbartha Gairmiúil comhtháite a fhorbairt don eagraíocht	Acmhainní a chur ar fáil do Chomhordaitheoir Forbartha Gairmiúil BOOMESL chun plean a fhorbairt.	Scileanna fostaí a fhorbairt chun tacú le forbairt na heagraíochta anois agus sa todhchaí.
	Tacú le ceannaireacht ar ardchaighdeán sa Bhord Oideachais agus Oiliúna agus í a fhorbairt	Beartas promhaidh a athbhreithniú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i rith na tréimhse promhaidh lena n-áirítear cumarsáid le Bainisteoirí Líne ina ról sa phróiseas. Áireofar leis sin aiseolas leanúnach ó bhainisteoirí líne agus ó fhostaithe chun cabhrú le forbairt leanúnach an phróisis.	Athbhreithniú ar Bheartas Promhaidh na heagraíochta	Caidrimh bhisiúla a fhorbairt idir bainisteoirí líne agus fostaithe nua.
	Feasacht maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn	Clár éifeachtach sláinte agus sábháilteacht a leagan síos agus tús áite a thabhairt do thiomantais sláinte agus sábháilteachta trí bheartais scríofa a bheidh curtha in iúl go héifeachtach ar mhaithe le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre.	Líon na dteagmhas agus na dtimpistí tuairiscithe Neamhláithreacha a bhaineann le MSDanna agus saincheisteanna eile a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht Rannpháirtíocht ag imeachtaí oiliúna.	Clár éifeachtach Sláinte agus Sábháilteachta d'fhostaithe, do scoláirí agus d'fhoghlaimoirí. Reachtaíocht agus rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

	Timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil a sholáthar	Oiliúint a chur ar fáil do bhainisteoirí líne chun déileáil le gearáin faoi Bheartas BOOMESL maidir le Ciapadh/Cosc Gnéasach	Frithbhulaíocht agus ciapadh a chur ar fáil san oiliúint don lucht foirne .	An fheasacht maidir le Beartas BOOMESL um Chosc ar Chiapadh/Gnéas a mhéadú.
	Tacaíocht a thabhairt d'fhéinleas na foirne	Seirbhísí Chlár um Chúnamh d'Fhostaithe BOOMESL a chur chun cinn.	Faisnéis a chur ar fáil don fhoireann a bhaineann leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe.	Tacaíocht a chur ar fáil d'fhostaithe BOOMESL.
<b>Sprioc</b>	<b>Tosaíocht</b>	<b>Gníomh</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>
<b>Rialachas</b>	Struchtúir agus córais eagraíochta a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta atá ag athrú	Leorgacht na gcóras agus na mbeartas reatha a athbhreithniú agus iad a uasghrádú de réir mar is gá.  Córais agus próisis a fhorbairt in Airgeadas (duillíní pá), Acmhainní Daonna (Mapáil Eagraíochta) agus Seirbhísí Corparáideacha (Aonad Soláthair) chun tacú le seachadadh seirbhísí agus chun comhlíonadh eagraíochta a chinntiú.	Rianú agus bainistiú i gcoinne comhaontuithe SLA. Athbhreithniú ar amlínte ESBS. Athbhreithniú ar chéim Mhapála na hEagraíochta. Líon na leasuithe ar bheartais reatha / líon na mbeartas nua.	A chinntiú go mbeidh córais leormhaithe i bhfeidhm a bheidh in ann freagairt do riachtanais athraithe na heagraíochta. Réamhaisnéisí éifeachtacha a thabhairt ar riachtanais na heagraíochta sa todhchaí.



# msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

	<p>Bainistiú éifeachtach ar airgead agus riosca</p>	<p>Athbhreithniú ar leorgacht na gcóras reatha agus iad a uasghrádú de réir mar is gá chun rioscaí gnó a mhaolú.</p> <p>Athbhreithniú ar Chláir Riosca agus tús áite a thabhairt do rioscaí arda mar phointí gnímh.</p> <p>Córas nua bainistíochta admhála a fhorbairt do scoileanna, Way2Pay.</p> <p>An ghné phárolla den chreat Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Athbhreithniú ar Chláir Riosca.</p> <p>Athbhreithniú ar líon na scoileanna atá aistrithe go W2P.</p> <p>Tuarascálacha iniúchóireachta.</p> <p>Athbhreithniú ar Chuntais Airgeadais.</p>	<p>A chinntiú go mbeidh feidhmeanna éifeachtacha Bainistíochta Riosca agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm.</p>
	<p>Acmhainní a úsáid go héifeachtúil</p>	<p>Córais faisnéise bainistíochta a fheabhsú chun sonraí cruinne cothrom le dáta a sholáthar ar fud BOOMESL chun éifeachtúlacht na n-oibríochtaí a fheabhsú.</p> <p>Cláir oiliúna agus forbartha ar leith a shainiú chun freastal ar na riachtanais a sainaithníodh trí bhainistíocht feidhmíochta.</p> <p>Athbhreithniú ar acmhainní reatha agus iad a ailíniú chun freastal ar thosaíochtaí reachtúla agus rialála BOOMESL agus na spriocanna straitéiseacha.</p>	<p>Athbhreithniú ar leithroinntí ón Roinn.</p> <p>Rátaí freagartha ar thicéid.</p> <p>Athbhreithniú ar Chuntais Airgeadais.</p> <p>Measúnú ar an tionscadal deiridh Mapála Eagraíochta.</p>	<p>Úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as acmhainní reatha. Córas a fhorbairt chun riachtanais na heagraíochta a shainiú agus a phleanáil don todhchaí.</p>
	<p>Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh</p>	<p>Athbhreithniú ar chumarsáid inmheánach reatha agus struchtúr agus beartais inmheánacha a fhorbairt chun faisnéis a chur ar fáil don fhoireann agus cloí ag an am</p>	<p>Athbhreithniú ar fhorbairt beartais</p>	<p>Córais inmheánacha agus sheachtracha nua-aimseartha a</p>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

		<p>céanna le forálacha na reachtaíochta agus na rialachán ábhartha. (e.g. Scéim Teanga, An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017).</p> <p>Athbhreithniú ar ábhar agus ar inrochtaineacht inlón na foirne 'Score' agus a úsáid mar líonra cumarsáide don fhoireann ar fad a chur chun cinn.</p> <p>Sreabhadh faisnéise inmheánaí a chruthú - líne chun faisnéis a scagadh ar fud na heagraíochta i gcóras dhá bhealach, ón mbarr anuas agus ón mbun aníos. Suíomh gréasáin BOOMESL a bharrfheabhsú chun faisnéis a thabhairt do sprioc-lucht féachana agus na meáin shóisialta a úsáid go héifeachtach chun seirbhísí BOOMESL a mhargú agus a chur chun cinn. Leanúint ag forbairt foilseachán ina dtugtar cuntas ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí BOOMESL.</p>	<p>Na freagraí agus an t-aiseolas ó chumarsáid a thomhas</p> <p>Monatóireacht ar thuarascálacha maidir leis an trácht ar shuíomhanna gréasáin.</p> <p>Anailísíocht na Meán Sóisialta a thomhas.</p>	<p>fhorbairt chun cumarsáid a fheabhsú.</p> <p>Cultúr láidir a forbairt in BOOMESL ina sainithnítear go soiléir an fiúntas atá le cumarsáid ábhartha cothrom le dáta.</p>
	<p>Comhaontuithe Seirbhíse a forbairt le páirtithe leasmhara seachtracha</p>	<p>Athbhreithniú ar leorgacht na gComhaontuithe reatha agus drochfheidhmíocht soláthraithe seirbhíse.</p> <p>Athbhreithniú agus meastóireacht ar fheidhmíocht Comhaontuithe Seirbhíse trí chruinnithe bliantúla le páirtithe leasmhara seachtracha chun torthaí a phlé agus príomhthosaíochtaí a shainithint.</p>	<p>Líon na gComhaontuithe Seirbhíse, Meabhrán Tuisceana agus comhaontuithe eile atá i bhfeidhm.</p> <p>Athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht na gComhaontuithe Seirbhíse.</p>	<p>Ullmhaítear gach Comhaontú Seirbhíse agus leibhéil seirbhíse inghlactha a shainithint. Tá nósanna imeachta ann lena chinntiú go bhfuil leibhéil</p>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

		Na gníomhaíochtaí nó réimsí seirbhíse le páirtithe leasmhara seachtracha óna dteastaíonn Comhaontú Seirbhíse a shainaithint agus teimpléad caighdeánach de Chomhaontú Seirbhíse a fhorbairt le haghaidh na cuspóra sin.		chomhaontaithe á gcomhlíonadh.
	A chinntiú go ndéantar cosaint éifeachtach ar shonraí	<p>Leanúint de phróiseas cuntasachta agus freagrachta lena chinntiú go ndéanfar formhaoirseacht éifeachtach ar mar atáthar ag cloí le cosaint sonraí.</p> <p>Na réitigh chosanta sonraí atá ar fáil do gach scoil, ionad agus oifig riaracháin a thabhairt dóibh ar bhonn réamhghníomhach.</p> <p>Feasacht a thógáil agus rannpháirtíocht i gcomhlíonadh agus i bpróisis chosanta sonraí a chur chun cinn.</p> <p>Tabhairt faoi iniúchtaí rialta cosanta sonraí agus DPIAanna chun slándáil na sonraí pearsanta faoi smacht BOOMESL a uasmhéadú.</p>	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar chatagóirí Sáruithe Sonraí</p> <p>Uirlis Measúnaithe Comhlíontachta le RGCS (GDPR)</p> <p>Athbhreithniú ar Bheartais Cosanta Sonraí</p> <p>Iniúchtaí Inmheánacha de chuid DPO</p>	Comhlíonadh le reachtaíocht chosanta sonraí trí threoir, maoirseacht agus slándáil fheabhsaithe i gcórais agus i seirbhísí BOOMESL.
	Oibriú go héifeachtach le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt	Oibriú le Coistí BOOMESL (Aguisín 1) chun machnamh a dhéanamh ar an timpeallacht foghlama, an bonneagar is gá agus riachtanais oideachais agus oiliúna na todhchaí do phobail i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.	Athbhreithniú ar Meabhráin Tuisceana agus ar Chomhaontuithe Seirbhíse	Caidrimh láidre a thógáil agus comhpháirtíochtaí fiúntacha a fhorbairt le páirtithe leasmhara chun



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

		<p>Plé agus díospóireacht a thionscnamh agus a spreagadh le páirtithe leasmhara, le fostóirí, le foirne, scoláirí agus foghlaimoírí chun na seirbhísí breise a bheidh le soláthar a shainaithint.</p> <p>Tabhairt faoi chleachtadh cumarsáide chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le róil agus freagrachtaí BOOMESL.</p>	<p>Athbhreithniú ar Rannpháirtíocht Fostóirí</p>	<p>oibríochtaí agus seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh.</p>
	<p>An dea-chleachtas i soláthar a leanúint</p>	<p>A chinntiú go gcuirtear feidhm BOOMESL maidir le soláthar poiblí i gcrích go heiticiúil, go hionraic agus go cóir ar bhealach a bhaineann an luach is fearr ar airgead amach.</p> <p>Aonad Soláthair BOOMESL a fhorbairt agus a fheabhsú chun cuidiú agus tacaíocht a thabhairt don eagraíocht i gcomhlíonadh leis an mBeartas Soláthair.</p>	<p>Iniúchtaí</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú conarthaí.</p>	<p>Soláthar a dhéanamh ar bhealach a chloíonn le riachtanais ionracais agus cuntasachta.</p>
	<p>A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais reachtúla agus rialála</p>	<p>Leanúint ag forbairt agus ag feabhsú struchtúr agus cleachtas rialachais ar fud na heagraíochta ag teacht leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna agus riachtanais reachtacha agus rialála eile.</p> <p>Beartais, nósanna imeachta agus róil shoiléire a chur i bhfeidhm a thacaíonn le rialachas corparáideach láidir.</p>	<p>Leibhéil chomhlíontachta BOOMESL a thomhas ag úsáid na nUirlisí Measúnaithe Comhlíontachta</p>	<p>Tiomantas BOOMESL a léiriú go héifeachtach maidir leis an gcaighdeán is airde de rialachas corparáideach a bhaint amach.</p>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

		<p>Cuntasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn agus a aibhsiú i ngach gníomhaíocht.</p> <p>Cloí le forálacha Dhualgas Chomhionannais agus Chearta Duine na hEarnála Poiblí agus iad a leabú i bhfeidhmeanna uile BOOMESL.</p> <p>Na hUirlisí Measúnaithe Comhlíontachta a nuashonrú i dtaca leis an gcaoi a bhfuil BOOMESL ag cloí leis an gCód Rialachais.</p>		
	<p>A chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017.</p>	<p>I scoileanna agus in Ionaid Breisoideachais, tá na nósanna imeachta agus na beartais go léir maidir le cosaint leanaí agus daoine fásta leochaileacha i bhfeidhm.</p>	<p>Tá oiliúint agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag gach scoil agus ionad.</p>	<p>Tá na bearta cosanta leanaí go léir is gá i bhfeidhm ag gach scoil agus ionad de réir na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017.</p>
<p><b>Cláir Chosanta</b></p>	<p>Cuidiú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as an</p>	<p>Tá BOOMESL ag seachadadh clár athlonnaíochta do dhídeanaithe i gCo. Shligigh, Co. Mhaigh Eo agus i gCo. Liatroma.</p>	<p>Caidrimh láidre oibre idir BOOMESL, an Roinn Oideachais, na hÚdaráis Áitiúla agus oibríthe athlonnaíochta dídeanaithe.</p>	<p>Bainfidh na rannpháirtithe go léir sa chlár leas as seirbhísí.</p>





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
*Mayo, Sligo and Leitrim*  
Education and Training Board

	<p><b>gClár Cosanta do Dhídeanaithe in Éire agus leis an soláthar d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta</b></p>			
--	--	--	--	--

Anuas ar na spriocanna agus na tosaíochtaí thuas a comhaontaíodh go náisiúnta, cuirfear tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas le haghaidh BOOMESL nó cuirfear ar fáil iad i rith 2020 chun a chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise foriomlán chun cinn.

<b>Sprioc</b>	<b>Tosaíocht</b>	<b>Gníomh</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>
1	Teagasc, foghlaim agus oiliúint den scoth	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus comhoibriú do Mhúinteoirí, Oidí agus Teagascóirí.	Rannpháirtíocht i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach.	Cáilíocht – an t-eispéireas foghlama is fearr a sheachadadh go dtí na caighdeáin is airde do gach scoláire, foghlaimoír agus daoine a bheidh faoi oiliúint in BOOMESL.
2	Eispéireas dearfach do gach duine i dtimpeallacht chothrom uilechuimsitheach	An Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí a thionscnamh agus é a leabú i ngach feidhm de chuid na heagraíochta.	Measúnú ar BOOMESL tríd an Uirlis Saotharlainne Luachanna.	Díríte ar an Duine – oideachas agus oiliúint a sheachadadh atá bunaithe ar chóimheas, iontaoibh agus cuimsiú.
3	Rialachas corparáideach agus comhlíonadh éifeachtach	Leanúint ag forbairt agus ag feabhsú struchtúr agus cleachtas rialachais ar fud na heagraíochta ag teacht leis an gCód Cleachtas maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna agus riachtanais reachtacha agus rialála eile.	Uirlis Measúnaithe Comhlíontachta	Caighdeáin ionracais agus eitice a chruthú in eagraíocht fhreagrach agus thrédhearcach atá tógtha timpeall ar ár bpríomhluachanna agus ár



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

				dtiomantas dár bhfoghlaimoirí.
4	Cultúr eagraíochta dearfach agus folláin a chur chun cinn	Leanúint ag forchéimniú Thionscnamh Folláine BOOMESL.	Líon na rannpháirtithe.	Cultúr a chruthú ina bhfuil meas agus ómós do gach duine aonair lárnach i rath na heagraíochta.
5	Seasamh BOOMESL mar chuid lárnach den phobal a chur chun cinn	Próifíl BOOMESL a fheabhsú trí shuíomh gréasáin inrochtana agus cuimsitheach a chur ar fáil chun seachadadh faisnéise dár scoláirí agus dár bhfoghlaimoirí a fheabhsú.	Anailísíocht maidir leis an trácht ar shuíomhanna gréasáin.	Próifíl BOOMESL a fheabhsú trí fhreastal ar riachtanais an phobail trí sheachadadh éifeachtach seirbhísí agus trí fheasacht Bhranda BOOMESL a fhorbairt.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Ráiteas Seirbhísí – Scoileanna agus Coláistí

Bainistíonn agus oibríonn BOOMESL 19 meánscoil agus coláiste ar fud na dtrí chontae. Tá sé mar aidhm ag an oideachas meánscoile timpeallacht foghlama iomlánach agus ar ardchaighdeán a sholáthar a ullmhaíonn scoláirí aonair le haghaidh ardoideachas / breisoideachas nó chun iad a ligean isteach san ionad oibre láithreach bonn. Cuimsítear le hoideachas dara leibhéal Sraith Shóisearach trí bliana agus Sraith Shinsearach dhá nó trí bliana ina dhiaidh sin ag brath ar cibé an roghnaítear an Idirbhliain roghnach. Tosaíonn scoláirí an tSraith Shóisearach de ghnáth nuair a bhíonn siad 12 bhliain d’aois. Déantar scrúdú stáit, an Teastas Sóisearach, tar éis trí bliana.

Is é príomhchuspóir na Sraithe Sóisearaí ná go gcuirfidh na scoláirí curaclam leathan agus cothrom i gcrích, agus an t-eolas agus na scileanna a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas leanúint ar aghaidh chuig oideachas na Sraithe Sinsearaí.

Freastalaíonn an tSraith Shinsearach ar scoláirí san aoisghrúpa 15-18 mbliana d’aois. Díreach tar éis na Sraithe Sóisearaí, bíonn an rogha ag na scoláirí tabhairt faoin Idirbhliain. Tugann an Idirbhliain deis do scoláirí taithí a fháil ar raon leathan ionchur oideachasúil, lena n-áirítear taithí oibre, ar feadh bliana agus ní bhíonn aon scrúduithe foirmiúla ar siúl i gcaitheamh na bliana. I rith an dá bhliain dheiridh den tSraith Shinsearach, tógann na scoláirí clár amháin nó trí chlár, agus bíonn scrúdú stáit ag deireadh gach ceann díobh – an Ardteistiméireacht thraidisiúnta, nó clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).

Is rudaí iad scoileanna agus coláistí BOOMESL atá riachtanach i saol na bpobal áitiúil. Tá siad cuimsitheach agus cuireann siad ar chumas daoine óga a lánchumas a bhaint amach sa tsochaí. Tugann siad cumhacht do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí chun dul chun cinn oideachais a bhaint amach in atmaisféar dearfach spreagúil.

Tairgtear raon iomlán ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht sa tSraith Shóisearach agus Shinsearach. Spreagtar na scoláirí a bheith páirteach i ngach gné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht agus spórt.

D’fhonn a chinntiú go bhfaighidh scoláirí an caighdeán is airde teagaisc agus foghlama agus an t-eispéireas oideachasúil is fearr, tairgfídh BOOMESL tacaíocht do gach scoil i réimsí cosúil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, litearthacht agus uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Béarla mar Theanga Bhreise. Ina theannta sin, tabharfar tacaíocht do bhainistíocht agus d’fhoireann na scoile i réimsí cosúil le forbairt ceannaireachta agus clár tacaíochta. Tairgfear tacaíocht freisin i réimsí na cinnteoireachta agus an rialachais trí obair agus oiliúint leanúnach le Boird Bainistíochta agus le bainistíocht na scoileanna.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Tá na huimhreacha rolla le haghaidh scoileanna agus coláistí BOOMESL le haghaidh na bliana acadúla 2019-2020 le fáil thíos:

UIMHREACHA AR AN ROLLA I MEÁNSCOILEANNA		
SCOIL	SUÍOMH	2019-2020
<b>MAIGH EO</b>		
Davitt College	Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo	710
Coláiste na Maighne	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	184
Coláiste Bhreandáin	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo	386
Coláiste Thiarnáin	Crois Mhaoilfona, Co. Mhaigh Eo	209
Coláiste Phádraig	Lacken Cross, Co. Mhaigh Eo	179
Coláiste Pobail Acla	Acaill, Co. Mhaigh Eo	235
Gaelcholáiste Chomáin	Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo	48
Coláiste Sheosaimh	Baile Chathail, Co. Mhaigh Eo	155
<b>SLIGEACH</b>		
Coláiste an Chorainn	Baile an Mhóta, Co. Shligigh	74
Iarbhunscoil Chúil Dheá	Baile idir Dhá Abhainn, Co. Shligigh	495
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Co. Shligigh	139
Iarbhunscoil	An Ghráinseach, Co. Shligigh	216
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid	Béal Átha an Fhóid, Co. Shligigh	171
<b>LIATROIM</b>		
Coláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Co. Liatroma	170
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma	288
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Co. Liatroma	352



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
*Mayo, Sligo and Leitrim*  
Education and Training Board

<b>Coláiste Pobail Mhaothla</b>	Maothail, Co. Liatroma	389
<b>IOMLÁN NA SCOLÁIRÍ MEÁNSCOILE</b>		<b>4,400</b>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Iar-Ardteistiméireacht

Bíonn cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) ar siúl i scoileanna agus i gcoláistí ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Is cúrsaí lánaimseartha iad a mhaireann ar feadh bliain amháin go ginearálta, agus tairgtear cáilíocht bhreise leo sa dara bliain. Tairgtear meascán d'obair phraiticiúil, obair acadúil agus taithí oibre ar na cúrsaí. Bíonn na cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a thairgeann BOOMESL deimhnithe go ginearálta ag QQI ag Leibhéal 5 agus 6, le cáilíochtaí eile cosúil le ITEC, CIBTAC agus CIDESCO ar fáil i roinnt áiteanna.

Tá na huimhreacha rolla le haghaidh scoláirí PLC i scoileanna agus coláistí BOOMESL le haghaidh na bliana acadúla 2019-2020 le fáil thíos:

COLÁISTE	SUÍOMH	2019-2020
<b>Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh</b>	Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo	228
<b>Coláiste na Maighne PLC</b>	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	23
<b>Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart</b>	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	197
<b>Coláiste Thiarnáin PLC</b>	Crois Mhaoilfona, Co. Mhaigh Eo	6
<b>Gaelcholáiste Chomáin PLC</b>	Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo	0
<b>Coláiste Breisoideachais Shligigh</b>	Sligeach, Co. Shligigh	538
<b>Coláiste Thuaisceart Chonnacht</b>	Tobar an Choire, Co. Shligigh	102
<b>Coláiste Loch Aillionn PLC</b>	Droim Caorthainn, Co. Liatroma	34
<b>Gairmscoil Dhroim Seanbhó PLC</b>	Droim Seanbhó, Co. Liatroma	16
<b>IOMLÁN NA SCOLÁIRÍ AR CHÚRSAÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA</b>		<b>1,144</b>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Clár Críochnaithe Scoile

Bunaíodh an Clár Críochnaithe Scoile mar chuid de straitéis DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna) na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bunaíodh an tseirbhís sin i Maigh Eo in 2007 agus tá sí ar fáil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna DEIS i dtuaisceart agus i ndeisceart Mhaigh Eo. In 2011, comhtháthaíodh an clár Críochnaithe Scoile sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) agus tá sé laistigh de Tusla, an Gníomhaireacht um Leanáí agus Teaghlaigh.

Tá sé mar aidhm ag an gClár Críochnaithe Scoile líon na ndaoine óga atá ag fanacht i mbunscoileanna agus i meánscoileanna a mhéadú, agus rannpháirtíocht agus coimeád scoláirí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol luathfhágála scoile. Díríonn an clár ar thacaíochtaí agus idirghabhálacha a spriocdhírú agus a sholáthar chun cuidiú leis na scoláirí seo a n-oideachas foirmiúil a chur i gcrích go rathúil. I measc na n-idirghabhálacha tá clubanna bricfeasta, clubanna obair bhaile, tacaíochtaí iarscoile, tacaíocht aonair do scoláirí, tacaíochtaí teiripeacha cosúil le comhairleoireacht agus teiripe ealaíne, teagasc breise, clár mheantóireachta, clár aistrithe agus campaí samhraidh. Leagann an Clár Críochnaithe Scoile na tacaíochtaí amach chun freastal ar riachtanais gach scoláire, ach go háirithe iad sin atá i mbaol luathfhágála scoile.

Feidhmíonn BOOMESL na Clár Críochnaithe Scoile i dTuaisceart agus i nDeisceart Mhaigh Eo agus bainistíonn na Coiste Bainistíochta Áitiúla iad, le hionadaithe as scoileanna, seirbhísí óige agus gníomhaireachtaí eile sa réimse.

Soláthraíodh seirbhísí in 2019 do scoláirí sna scoileanna seo a leanas i Maigh Eo:

Scoil	Líon na dtairbhíthe
Davitt College, Caisleán an Bharraigh	38
Scoil Mhuire agus Pádraig, Béal Átha na Muice	32
Coláiste Pobail Acla, Acaill	23
Coláiste na Maighne, Béal an Átha	26
Coláiste Thiarnáin, Crois Mhaoilíona	13
Coláiste Bhreandáin, Béal an Mhuirthead	13
Ghaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach	10
Scoil Íosa, Béal an Átha	69
Scoil Phádraig, Béal an Átha	8
Gaelscoil na gCeithre Maol, Béal an Átha	10





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
*Mayo, Sligo and Leitrim*  
Education and Training Board

--	--



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Ráiteas Seirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint

Léirítear i *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 SOLAS* (Straitéis FET) na prionsabail a cuireadh in iúl i *bPlean Gníomhaíochta Post, Bealaí chun Oibre 2016-2020* de chuid an Rialtais agus sa bheartas oideachais i gcoitinne. Téann an Straitéis FET i ngleic leis na dúshlán saineúla atá os comhair na hearnála agus cuirtear cláir scileanna spriocdhírthe chun cinn chun tacú le lucht cuardaigh fostaíochta chun athsciliú agus uas-sciliú a dhéanamh i réimsí ina bhfuil deiseanna oiriúnacha fostaíochta ag teacht chun cinn. Agus sin á dhéanamh, tá FET ag forbairt agus ag leathnú chun cláir oideachais agus oiliúna ar chaighdeán níos airde, solúbtha, agus forchéimnitheach a sholáthar.

Tacaíonn BOOMESL go sonrath le prionsabail na Straitéise FET ina chuid pleanála agus soláthair go léir. Déanann sé é seo trí leanúint ag ailíniú forbairt scileanna agus oiliúint le riachtanais fiontraíochta an réigiúin agus trí leanúint ag rannchuidiú le príomhchuspóir an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Post chun méadú idir 10-15% a chur ar fhostaíocht sa réigiún sa tréimhse suas go dtí 2020 (*An Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post: Réigiún an Iarthair 2015-2017*). Leanfaidh BOOMESL ag cothú a chuid ceannaireachta i soláthar FET sa réigiún, thar gach earnáil ón mbunoideachas go dtí scileanna sonracha agus oiliúint obair-bhunaithe. Mar sholáthróir rogha, beidh BOOMESL i gcoilár na gcomhpháirtíochtaí ábhartha agus nuálacha leis an tionscal ag spreagadh forbairt agus seachadadh cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán. Déanfar é sin agus leanfar ag díriú ar an bpobal ag an am céanna áit ina mbeidh daoine leochaileacha agus iad sin ar imeall na sochaí áirithe. Is é seo a mharcálfaidh rath FET sa réigiún.

Leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta Oideachais pleananna uailmhianacha chun printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a leathnú. Tá saoráidí, bonneagar, scileanna agus inniúlacht shuntasach ag BOOMESL chun cláir phrintíseachta a sheachadadh agus leanfaidh sé ag seachadadh ár gcumas i bPrintíseachtaí Ceardaíochta a sheachadadh agus a mhéadú ag teacht le héileamh méadaithe. Bhí BOOMESL i gceannas ar chlár bailíochtaí Printíseachtaí Nua a fhorbairt freisin i mBúistéireacht Ceardaíochta & Díolacháin chomh maith le comhoibriú ar sheachadadh na bPrintíseachtaí Commis Chef & TFC

Seachadann BOOMESL na printíseachtaí seo a leanas:

- Siúinéireacht
- Leictreach
- Ionstraimiú leictreach
- Deisiú Cabhail Feithicle
- Uirliseoireacht
- Commis Chef
- Búistéireacht Cheirde
- Printíseacht Díolachán
- Feistiú Meicniúil agus Cothabhála
- Printíseachtaí TFC

Tairgeann na cúrsaí oiliúna cláir oiliúna forbartha scileanna solúbtha, freagrúla, ceirde, atá saincheaptha do riachtanais shaincheaptha earnáil nó fo-earnáil tionscail ar leith agus eascraíonn cáilíochtaí aitheanta náisiúnta astu.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Díreofar i bPlean Seirbhíse Oideachais Pobail BOOMESL ar oibriú go crua chun dul i gcion ar fhoghlaimoirí i socruithe pobail chun a riachtanais foghlama a shainaitheint, iad a fhostú i gclár gearrthéarmach agus páirtaimseartha agus cabhraíonn siad leo dul ar aghaidh chuig roghanna breisoideachais creidiúnaithe eile. Soláthraíonn an tSeirbhís Oideachais Pobail deontais agus

uaireanta teagaisc do ghrúpaí pobail áitiúla agus deonacha. Áirítear leis na príomh-spríocghrúpaí ar fud an réigiúin daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, luathfhágálaithe scoile, daoine faoi mhíchumas, fir agus mná faoi mhíbhuntáiste, an Lucht Siúil, daoine scothaosta, imircigh agus dídeanaithe / lucht tearmainn.

Ar feadh na bliana seo chugainn, déanfaidh BOOMESL na rudaí seo a leanas:

- leanfaidh sé lena chuid oibre mar bhall gníomhach den Fhóram Scileanna Réigiúnach
- leanfaidh sé le cruinnithe rialta leis an Roinn ar fud an réigiúin ionas go mbeidh sé níos éasca riachtanais oiliúna daoine dífhostaithe a shainaitheint
- leanfaidh sé lena chlár rannpháirtíochta fostóirí lena chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais fostóirí agus fostaíochta sa réigiún
- forbrófar ár gcumas agus comhoibreoimid le Boird Oideachais agus Oiliúna eile chun seachadadh na bprintíseachtaí Búistéireachta agus Díolachán Ceirde a mhéadú
- leanfaidh sé lena chuid oibre ag forbairt printíseachtaí i gcomhpháirt leis an tionscal
- Comhoibreoidh sé le soláthraithe comhordaithe eile chun printíseachtaí nua a sheachadadh
- leanfaidh sé ag forbairt tionscnamh Breisoideachais agus Oiliúna éagsúla eile
- Oibreoidh sé i gcomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna eile chun Tionscadail Nuálaíochta a sheachadadh

## Raon Feidhme an tSoláthair

Soláthraíonn an BOOMESL raon leathan clár FET, cláir atá ceaptha chun freastal ar riachtanais oiliúna daoine aonair, idir dhaoine fostaithe agus dífhostaithe, agus ar riachtanais ghnó agus eacnamaíochta fostóirí sa réigiún.

I measc na gclár tá siad seo a leanas:

- Iar-Ardteistiméireacht
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Litearthacht Daoine Fásta
- Dlúth-Bhunoideachas do Dhaoine Fásta
- Oideachas Pobail
- Oiliúint Saincileanna
- Ógtheagmháil
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- Scileanna i gcomhair Oibre
- Skills to Advance
- Cúrsaí Oíche agus Ranganna Oíche Féinmhaoinithe



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

- An tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach
- Seirbhísí do Ghnó
- Tionscadail nuálacha: Tiomáint Eacnamaíoch agus Shábháilte + tionscadal CRM don earnáil FET.
- Comhoibriú le hinstiúidí eile

## Ionaid Oiliúna BOOMESL agus Soláthar Oiliúna

Soláthroidh Ionaid Oiliúna BOOMESL atá bunaithe i Sligeach agus i mBéal an Átha oiliúint go díreach agus go hindíreach do dhaoine aonair thar raon cineálacha clár.

Áirítear leis sin na cineálacha clár seo a leanas agus na sprioc-uimhreacha:

Cineál Cláir	Sprioc-uimhreacha 2020
Cúrsaí Oiliúna	380
Oiliúint Sainscileanna	421
Printíseachtaí	892
Ionaid Oiliúna Pobail	142
Cláir Sainoiliúna	382
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	304

## An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Soláthraíonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas faoi BOOMESL cláir breisoideachais pháirtaimseartha do dhaoine fásta (os cionn 16 bliana d’aois). Cuimsíodh leis na cláir seo 309 cúrsa difriúil ar fud na dtrí thír. Is é an aidhm deis a thabhairt do dhaoine an filleadh ar an bhfoghlaim a chónascadh le tiomantais eile, cuir i gcás, cúraimí teaghlaigh, oibre agus cúraimí eile. Tairgtear cláir ar bhonn páirtaimseartha agus pleanáiltear iad i gcomhairle le foghlaimeoirí, fostóirí, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí eile, ag tairiscint rogha sholúbtha chun deis a thabhairt do dhaoine filleadh ar an oideachas. Áirítear leis an bpríomh-spriocghrúpa luathfhágáilthe scoile agus daoine atá dífhostaithe agus a chaithfidh scileanna nua a fhoghlaim.

I measc na gcúrsaí a thairgtear tá siad seo:

- Ábhair ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh nó na hArdeistiméireachta
- Mórdámhachtainí agus Miondámhachtainí QQI ar Leibhéal 3 agus 4
- Dul chun cinn chuig Mórdámhachtainí agus Miondámhachtainí QQI ar Leibhéal 5 agus 6.

Tá cúrsaí um Fhilleadh ar an Oideachas saor in aisce do dhaoine atá ag fáil íocaíocht Leasa Shóisialaigh incháilithe agus d’iarratasóirí a bhfuil níos lú ná cáilíocht Ardeistiméireachta nó a coibhéis. Bíonn táillí le hóc in imthosca áirithe eile.

Is é cuspóir foriomlán an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Obair rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta a bhfuil níos lú ná oideachas meánscoile uasta acu i raon deiseanna foghlama solúbtha a mhéadú Tosaíocht de chuid an Tionscnaimh is ea díriú ar dhaoine aonair agus ar ghrúpa a fhulaingíonn srianta géara ar leith a bheith rannpháirteach in oideachas agus a mbíonn sé níos deacra acu a bheith ag gabháil don phróiseas foghlama foirmiúil.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Tá siad seo a leanas i measc na gcúrsaí a thairgfear in 2020:

Cineál Cláir	Sprioc-uimhreacha 2020
Modúil TFC QQI ar Leibhéal 3,4 agus 5	457
Staidéar Sláinte, Teaghlaigh agus Sóisialta lena n-áirítear Cúram Leanaí agus Cúram Sláinte	1330
Cláir eile um Fhilleadh ar an Oideachas	676
ESOL	863

## An tSeirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta

Sainíonn an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh litearthacht do dhaoine fásta in Éirinn mar rud a thagraíonn do:

“Teanga, léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearthacht agus gnáth-theicneolaíocht i gcomhair cumarsáide (TFC). Tá gnéithe pearsanta, sóisialta agus eacnamaíocha ag baint leis an litearthacht.”<sup>1</sup>

Tugann an tSeirbhís Litearthacht do Dhaoine Fásta deiseanna d’fhoghlaimoirí fásta a gcuid foghlama, muiníne agus scileanna a fheabhsú.. Tá gach cúrsa deartha le bheith cuspóireach do dhaoine fásta ina gnáthshaol agus léiríonn siad agus forbraíonn siad a leibhéal agus a spéiseanna.

Laistigh den tSeirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta ar fud na dtír chontae, cuirfear na cláir shonracha seo a leanas ar fáil in 2020:

Litearthacht ghinearálta do dhaoine fásta, uimhearthachta agus TFC, lena n-áirítear Cláir Foghlama Teaghlaigh	2010	313
Dlúth-Theagasc i mBunoidéachas do Dhaoine Fásta	221	31
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)	863	96
Clár Athlonnaíochta do Dhídeanaigh	49	5

## Oideachas Pobail

Tagraíonn Oideachas Pobail le hoideachas agus foghlaim do dhaoine fásta, lasmuigh den earnáil oideachais fhoirmiúil go ginearálta. Tá sé mar aidhm leis pobail a chumhachtú agus tacú leo. Tá sé fréamhaithe go dlúth sa phobal, le grúpaí áitiúla freagrach as cúrsaí a eagrú agus ag cinneadh ábhar an

<sup>1</sup> An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh: *An Litearthacht a Chomhtháthú: Treoirínte i gcomhair Breisoideachais agus ionad oiliúna, Eagrán athbhreithnithe 2013*



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

chlár agus bíonn ról tábhachtach acu maidir leis sin. Cuireann an scéim ar chumas daoine fásta leas a bhaint as oideachas pobail ar bheagán costais nó in aisce.

Tá Oideachas Pobail in ann saol daoine a athrú ó bhonn agus rannchuidíonn sé leis an gcomhtháthú sóisialta. Tugann sé deiseanna i gcomhair foghlaim ó ghlúin go glúin, forbraíonn sé féinmhuinín agus féinleas agus dóibh siúd a bhfuil scileanna ísle nó taithe diúltach acu ar an oideachas foirmiúil. Is féidir leis céim a thabhairt ar an aistear chuig an mbreisoideachas, cáilíochtaí agus obair fhiúntach. Chuir an Coimisiún Eorpach béim freisin ar phríomhról na sochaí sibhialta ó thaobh foghlaim aosach, go háirithe ó thaobh foghlaim neamhfhoirmiúil a chothú chomh maith leis an ngá atá ann tús áite a thabhairt do phobail foghlama agus do líonraí sóisialta.

Tá an soláthar in 2020 beartaithe mar seo a leanas:

Cineál Cláir	Líon na rannpháirtithe	Líon na gcúrsaí / ngrúpaí
<b>TF Bunúsach, Forbairt Shóisialta agus Phearsanta, Sláinte agus Aclaíocht, Na hEalaíona sa Phobal, Forbairt Pobail</b>	4.079	467

### Uaireanta Comhoibríthe FET

Faoi Choiste Gairmoideachais Cho. Shligigh, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna leithdháileadh i dtéarmaí uaireanta íoctha múinteoirí a d'fhéadfaí a úsáid i ngníomhaireachtaí eile chun tacú leis an soláthar bunoidreachais do dhaoine fásta laistigh dá gcláir agus seirbhísí. Coinníodh an leithdháileadh sin thar na mblianta agus is achoimre é seo a leanas de na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh 2020:

Ainm na Gníomhaireachtaí Comhoibríthe	Leithdháileadh in Uaireanta	Líon na bhFoghlaimoirí
<b>Ionad Oiliúna Pobail Shligigh</b>	860	16
<b>FSS, Teach Acmhainní Bhaile Uí Theimhneáin, Sligeach</b>	557	13
<b>Cheshire Homes, Sligeach</b>	100	1

In 2020 bhí leithdháileadh 1,517 uair chun an tseirbhís / clár thuas a sheachadadh



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)

Díríonn SDOG ar rannpháirtithe atá os cionn 21 bliain d’aois, dífhostaithe agus atá ag fáil fíochtaí leasa shóisialaigh áirithe le sé mhí ar a laghad. Díríonn an scéim go háirithe ar dhaoine atá dífhostaithe agus/nó ar luathfhágálaithe scoile iad. Soláthraíonn an scéim SDOG raon leathan cúrsaí chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna daoine dífhostaithe. Tugann sé deiseanna do na rannpháirtithe an leibhéal oideachais ginearálta atá acu a fheabhsú, deimhniúchán a bhaint amach, a gcuid scileanna a fhorbairt agus iad a ullmhú i gcomhair fostaíochta, féinfhostaíochta agus breisoideachais agus oiliúna. Reáchtáiltear cláir SDOG de ghnáth thar thréimhse dhá bhliain agus oibríonn siad ar bhonn lánaimseartha ó mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh an Mheithimh. Ritheann BOOMESL naoi gcinn d’ionaid SDOG agus tá an soláthar i gcomhair 2019 beartaithe mar seo a leanas:

Ionad	Líon na n-áiteanna do scoláirí	Suíomh
SDOG Acla	20	Acaill, Co. Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Átha	30	Bóthar na hArdeaglaise, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
SDOG Bhaile an Róba	20	Neale Rd, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Mhuirthead	20	Chapel St., Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
SDOG Chaisleán an Bharraigh	40	Lucan Street, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
SDOG Bhéal Átha na Muice	20+10 <sup>2</sup>	Bóthar BÁC, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo
SDOG Shligigh	40	Foirgneamh BOOMESL, Quay St., Sligeach
SDOG Thobar an Choire	20	Coláiste Thuaisceart Chonnacht, Tobar an Choire, Co. Shligigh
SDOG Dhroim Seanbhó	40+8 <sup>3</sup>	Droim Seanbhó, Co. Liatroma

## Ionaid Oiliúna Pobail

Soláthraítear oiliúint do luathfhágálaithe scoile trí Ionad Oiliúna Pobail Shligigh i gClabhrach, Sligeach agus ag Ionad Allamuigh i gCora Droma Rúisc. I measc na gcúrsaí a tairgeadh bhí Lónadóireacht, Gruagaireacht, Spórt agus Caitheamh Aimsire agus cúrsaí TFC éagsúla. Déanann lear mór foghlaimeoirí a chuireann na cláir i gcrích sna hionaid oiliúna pobail dul chun cinn i dtreo cúrsaí príomhshrutha i réimsí eile den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Tugann na hionaid an dara seans ar oideachas dóibh siúd a d’fhág an scoil go luath agus tugann siad deis dóibh leanúint dá gcuid staidéir.

Tá na hionaid cosúil leis na hionaid Ógtheagmhála, ag freastal ar luathfhágálaithe scoile atá idir 16 agus 21 bliain d’aois. Tá na cláir dírithe ar ghairmeacha, agus bronntar mór dhámhachtainí QQI ar Leibhéal

<sup>2</sup> Tá 10 n-áit scaipthe ar fud Mhaigh Eo atá mbainistiú agus áirithe in SDOG Bhéal Átha na Muice.

<sup>3</sup> Tá 8 n-áit scaipthe ar fud Liatroma atá á mbainistiú agus áirithe in SDOG Dhroim Seanbhó.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

3, 4 agus 5 dá mbarr. Mar a luadh níos tuisce, tá an t-ionad faoi sainchúram Ionaid Oiliúna BOOMESL agus Soláthar Oiliúna.

In 2020, soláthrófar áiteanna le haghaidh 196 foghlaimeoir i gcúrsaí ag an Ionad Oiliúna Pobail.

### **An tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach**

Soláthraíonn an tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach comhairle neamhchlaonta agus rúnda, treoir agus faisnéis do dhaoine fásta maidir lena n-oideachas, a n-oiliúint agus a ngairmeacha beatha. Tá an tseirbhís ar fáil do dhaoine fásta:

- Atá ag smaoiniamh ar fhilleadh ar an oideachas nó leanúint dó
- A bhfuil deacracht acu fostaíocht oiriúnach a aimsiú nó a choimeád i ngeall ar easpa cáilíochtaí oideachais iomchuí
- Ar mian leo iniúchadh a dhéanamh ar chineál nua breisoideachais nó oiliúna atá ar fáil i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.
- Tá faisnéis neamhchlaonta maidir le hoideachas fásta ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ar fáil don phobal i gcoitinne.

Meastar go mbainfidh 4070 úsáideoir leas as na seirbhísí sin in 2020.

### **Cúrsaí Oíche agus Ranganna Oíche Féinmhaoinithe**

Seachadann Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ranganna oíche i roinnt ionad sna trí chontae. Tá na ranganna sin dírithe ar dhaoine fásta atá ag iarraidh cur lena gcuid cáilíochtaí, scil nua a fhoghlaim nó scrúdú a dhéanamh ar spéiseanna pearsanta. Tá gach duine in ann na cúrsaí oíche a dhéanamh (idir dhaoine fostaithe agus dhífhostaithe) ach bíonn táille le híoc áfach ag daoine atá fostaithe. Ní mór do chliaint a íocann táille iarratas a dhéanamh díreach chuig an scoil / ionad. Is féidir le daoine dhífhostaithe dul i dteagmháil lena nOifig Seirbhísí Fostaíochta DSP áitiúil chun faisnéis a fháil ar a n-incháilitheacht chun cúnamh a fháil le táillí a íoc.

Tá sé beartaithe in 2020 cúrsaí oíche nó ranganna oíche féinmhaoinithe a thairiscint do 759 duine.





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Scileanna i gcomhair na hOibre

Is clár náisiúnta é Scileanna i gcomhair na hOibre atá dírithe ar dheiseanna oiliúna a sholáthar chun cuidiú le fostaithe déileáil leis na héilimh ar bhunscileanna san ionad oibre. Tairgeann an clár Scileanna i gcomhair na hoibre ábhair éagsúla a thacaíonn le riachtanais oideachais an fhostaí i suíomhanna agus ag amanna áisiúla. Tá na cúrsaí ceaptha le bheith solúbtha agus inoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais an fhostaí agus an fhostóra. Maireann na cúrsaí Scileanna ar feadh 35 uair an chloig agus d'fhéadfaidís creidiúnú suas go dtí Leibhéal 3 ar Chreat na gCáilíochtaí a thabhairt.

Tairgfear cláir trí Scileanna i gcomhair na hOibre mar seo a leanas in 2020:

Cineál Cláir	Líon na rannpháirtithe	Líon na gcúrsaí / ngrúpaí
T.F., Teanga & Cumarsáid, Cúrsaí Eile	459	67

## Scileanna i gcomhair Dul Chun Cinn – Clár Forbartha d'Fhostaithe

Creat nua beartais Ag Tacú leis an Saol Oibre agus le Fás na Fiontraíochta in Éirinn: 2018-2021 creat beartais breisoideachais agus oiliúna le haghaidh forbairt scileanna daoine fostaithe a sheol an tAire Richard Bruton go hoifigiúil Dé Máirt, 11 Meán Fómhair 2018.

Leis an mbeartas nua seo beifear in ann tacaíocht spriocdhírthe a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha i lucht oibre na hÉireann, go háirithe iad sin a bhfuil leibhéal scileanna níos ísle acu agus a dteastaíonn tuilleadh deiseanna uathu chun a saol oibre a chur chun cinn. Tacaíonn an beartas freisin le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a dteastaíonn roinnt cúnaimh uathu infheistiú ina lucht oibre agus iad a fhorbairt.

Is é seoladh an chreata beartais, atá á chur chun cinn mar an tionscnamh Scileanna i gcomhair Dul Chun Cinn, tús forbairt nua iontach sa soláthar breisoideachais agus oiliúna don BOOMESL agus is deis atá ann naisc níos láidre a fhorbairt leis an bhfiontraíocht.

Tairgeann an tionscnamh seo deiseanna luachmhara i bhforbairt scileanna do dhaoine i bpoist le scileanna níos ísle, atá ag obair i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide in earnálacha leochaileacha.

Is féidir le fostaithe deiseanna uas-scilithe agus ath-scilithe a rochtain ar cheann de na trí bhealach seo a leanas:

Bealach 1: Á seachadadh go díreach d'fhostaithe

Cuidiú chun scileanna a fhás agus a fhorbairt chun a gcuid roghanna oibre a chur chun cinn.

Bealach 2: Trí rannpháirtíocht ghnó

Seo rud a forbraíodh i gcomhchomhairle le gnóthaí beaga agus meánmhéide aonair chun dul i ngleic le riachtanais ar leith a lucht oibre.

Bealach 3: Mar chuid d'fhorbairt réigiúnach

Chun cabhrú dul chun tosaigh ar leochaileachtaí agus deiseanna láidre atá ag teacht chun cinn i réigiún agus i dtionscail ar fud na hÉireann.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Tairgfear cláir trí Scileanna i gcomhair na hOibre mar seo a leanas in 2020:

Cineál Cláir	Líon na rannpháirtithe	Líon na gcúrsaí / ngrúpaí
<b>Bealach 1 – Cúrsaí Oíche</b>	324	14
<b>Bealach 2 - Trí rannpháirtíocht ghnó</b>	350	23
<b>Bealach 3 – Trí rannpháirtíocht ghnó</b>	34	3

## Obair Óige

Leanfaidh BOOMESL ag comhlíonadh a dhualgais reachtúil maidir le hobair óige chun tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí obair óige. Is é an tAonad Gnóthaí Óige den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) an príomhchomhpháirtí beartais agus maoinithe chuige sin.

Maidir lena chuid feidhmeanna maidir le hobair óige, déanfaidh BOOMESL na gníomhartha sonracha seo a leanas:

- Riarfaidh sé an Scéim Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla do ghrúpaí óige atá faoi stiúir oibrithe deonacha agus á bhfeidhmiú acu.
- Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha agus Creat Chaighdeáin Náisiúnta Cáilíochta d'Earnáil na hÓige.
- Maoiniú a riar do thionscadail óige, lena n-áirítear faoin Scéim Maoinithe Spriocdhírthe don Óige, Scéim Maoinithe Athbhreithnithe don Óige, Scéim d'Ionaid Faisnéise Óige, An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcól (i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte), Comhairle na nÓg (i gcomhpháirt le Comhairle Contae Shligigh) agus línte eile maoinithe de réir mar a thagann siad chun cinn.
- An Tionscnamh Infhostaitheachta Óige RLGÓ a riar
- Rannpháirtíocht óige agus rannpháirtíocht trí thacaíocht do Chomhairlí na nÓg i Maigh Eo, Sligeach agus i Liatroim.

Chomh maith leo sin thuas, cuirfidh BOOMESL tús le gníomhaíochtaí obair óige agus gníomhaíochtaí gaolmhara trí bheith rannpháirteach i raon coistí agus struchtúr idirghníomhaireachta, cosúil leis an gCoiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga i ngach contae.

Baineann forbairt mhór i gníomhaíochtaí obair óige BOOMESL in 2020 le forchéimniú na scéime nua maoinithe don óige *UBU Your Place Your Space*, atá á bainistiú ar leibhéal áitiúil ag BOOMESL. Tagann an scéim sin in ionad na Scéime Maoinithe Spriocdhírthe don Óige / na Scéime Maoinithe Athbhreithnithe don Óige. In éineacht le haistriú maoinithe chuig BOOMESL le haghaidh tionscadal



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

áitiúil a tharla in 2019, méadaíodh leis sin go mór an ról atá ag BOOMESL maidir le tionscadail in obair óige a riar agus a mhaoirsiú sa réigiún.

Faoin scéim UBU Your Place Your Space, áirítear iad seo a leanas i measc an róil atá ag BOOMESL:

- Riachtanais daoine óga a shainnithint agus a fheiceáil laistigh de limistéar feidhmiúil BOOMESL ag úsáid Phróifíl an Limistéir, Measúnú ar Riachtanais agus Uirlis Riachtanais Seirbhíse.
- Bainistiú ar an Iarratas ar an bPróiseas maoinithe.
- Maoiniú le heagraíochtaí ceadaithe *UBU Your Place Your Space* a riar, lena n-áirítear monatóireacht ar sheachadadh agus ar cháilíocht seirbhíse; feidhmíocht agus maoirsiú airgeadais agus soláthar tacaíochta leanúnaí do thionscadail.

Ó mhí Eanáir 2020, tabharfaidh cuireadh do na tionscadail ábhartha reatha eile iarratas a dhéanamh chun iad a chur san áireamh sa scéim nua. Tá an scéim ar tí tosú ó mhí Iúil 2020.

## Ógtheagmháil

Tá cúig Ionad Ógtheagmhála faoi shainchúram BOOMESL i láthair na huaire, agus trí cinn acu i Maigh Eo (Béal an Átha, Baile an Róba agus Coillte Mach), ceann amháin i mbaile Shligigh agus ionad nua i Maohail, Co. Liatroma. Feidhmíonn na clár cúig lá na seachtaine ar feadh na bliana acadúla. Soláthraítear clár samhraidh freisin tar éis na scrúduithe stáit, ina ndírítear ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire. Cuimsítear leis an earnáil Ógtheagmhála cheana féin fíis agus misean BOOMESL agus feidhmíonn siad de réir a dtreoirphrionsabail.

Tá beartas clárúcháin leanúnaigh ag Ógtheagmháil, rud a fhágann go mbeidh clár ag freagairt do riachtanais iarrthóirí an t-am ar fad, agus Pleananna Foghlama Aonair cruthaithe do gach rannpháirtí le cúnadh ó mheantóir. Cuireann na hionaid na prionsabail maidir le hobair óige i bhfeidhm, stíleanna teagaisc éagsúla agus cur chuige anagógach chun na tairbhí a uasmhéadú do scoláirí. Riamh anall, bhí gné ghairme láidir ag baint leis an soláthar in ionaid Ógtheagmhála BOOMESL, agus go leor scoláirí ag baint tairbhe as taithí oibre sna hearnálacha óstáin, lónadóireachta agus turasóireachta, innealtóireachta, tógála agus san agrai-earnáil. Tógadh naisc láidre le gnóthaí áitiúla, agus astu sin fuair roinnt scoláirí post go háitiúil.

Seo a leanas na seirbhísí a sholáthrófar do líon spriocdhírthe in 2020:

Ionad Ógtheagmhála	Líon na bhfoghlaimeoirí
Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	40
Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo	40
Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo	30
Baile Shligigh	40
Maohail, Co. Liatroma	25



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
*Mayo, Sligo and Leitrim*  
Education and Training Board



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Music Generation

Seachadann Music Generation raon tionscadal oideachais ceoil do leanaí agus do dhaoine óga mar chuid de chlár náisiúnta Music Generation a chuir Music Network ar siúl, cómhaoinithe ag U2, The Ireland Funds, Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil áitiúla agus na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Creideann Music Generation sa chumas ceoil atá i ngach leanbh agus duine óg. Cuireann fíís Music Generation rochtain uilechuimsitheach ar fáil ar oideachas ceoil ar ardchaighdeán do leanaí agus daoine óga, á sheachadadh ag ceoltóirí gairmiúla oilte a idirghníomhaíonn ar bhealach inspioráide le leanaí agus daoine óga ina bpobail.

Feidhmíonn cláir Music Generation i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

### Music Generation Mhaigh Eo

Is seirbhís oideachais ceoil do leanaí agus daoine óga idir 0-18 mbliana i gCo. Mhaigh Eo é Music Generation. Tá Music Generation Mhaigh Eo á bhainistiú go háitiúil ag Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Mhaigh Eo ina gcuimsítear ionadaithe as BOOMESL, Oifigí Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus Ionad Oideachais Mhaigh Eo.

Tairgeadh na seirbhísí seo a leanas in 2019:

Cineál Cláir	Líon na dtairbhíthe
Cláir Rochtana Ceoil, Béal an Átha	108
Clár Cheardlanna Scoileanna 2018	578
Clár Téide Iorrais	149
Beam – Clár Ceoil agus Míchumais	31
Céilí Ukulele – Clár do Bhunscoileanna	595
Clár Ensemble na Cláirsí	31
Clár san Ionad Teagaisc Réigiúnaigh	628
Clár Ceoil Luathbhlianta Soundworld	418
Clár Comhpháirtíochta Brass & Reed	22
The Core Béal an Átha	490
Leabharlann Iasachta Music Generation Mhaigh Eo (Bainc Uirlisí Ceoil)	359
Seirbhísí Óige Bhéal Átha hAmhnais	10
Ceathrú Thaidhg	14
Ranganna na bPíob Uilleann	11
Deiseanna OPD do theagascóirí ceoil	10 rang oiliúna CPD le 84 rannpháirtí
<b>IOMLÁN THAIRBHITHE MUSIC GENERATION I MAIGH EO</b>	<b>3,528</b>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

### Music Generation Shligigh

Tá Music Generation Shligigh á bhainistiú agus á mhaoiniú go háitiúil ag BOOMESL, Comhairle Contae Shligigh, Ionad Oideachais Shligigh, Coiste Cúram Leanaí Chontae Shligigh, Athghiniúint an Chrainn Mhóir agus an earnáil ceoil áitiúil.

Seachadann Music Generation Shligigh clár oideachais ceoil taibhithe - idir theagasc gutha agus uirlisí, ag cuimsiú gach seánra ceoil agus gach cineál uirlisí agus stíleanna gutha, á seachadadh ag ceoltóirí gairmiúla oilte.

Bhí siad seo a leanas i measc na gclár in 2019:

Cineál Clár	Líon na dtairbhith
Clár Luathbhlianta Ag Teach ar Cheol	122
Clár Scoileanna Ag Teach ar Cheol	4304
Teagasc uirlisí agus gutha	377
Go See (clár forbartha lucht éisteachta)	1500
Clár Oideachais Ceoil Chuimsithigh Con Tutti	248
Tionscadail Taibhiúcháin agus tionscadail speisialta	720
<b>IOMLÁN THAIRBHITHÉ MUSIC GENERATION I MAIGH EO</b>	<b>7,271</b>

### Music Generation Liatroma

Tá Music Generation Liatroma á bhainistiú agus á mhaoiniú go háitiúil ag BOOMESL, Comhairle Contae Liatroma agus an earnáil ceoil áitiúil.

Seachadann Music Generation Liatroma roinnt clár oideachais ceoil taibhithe, lena n-áirítear clár scoilbhunaithe, Vocalworks, Cór Óige Liatroma.

Bhí siad seo a leanas i measc na gclár in 2019:

Cineál Clár	Líon na dtairbhith
Vocalworks clár do bhunscoileanna	1,041
Cór Leanaí VoiceAloud	21
Cór faoi Oiliúint Twinkle Twinkle Time to Sing	7
Ceardlann Ucailéile Chruinniú na nÓg	18
Teagasc Iarscoile ar an ucailéile/giotár/guth agus méarchlár	57
Ukes4Youth	72
<b>IOMLÁN THAIRBHITHÉ MUSIC GENERATION I MAIGH EO</b>	<b>1,216</b>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
*Mayo, Sligo and Leitrim*  
Education and Training Board



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Ráiteas Seirbhísí – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Tá colún Forbartha agus Tacaíochta na hEagraíochta den BOOMESL bunaithe go príomha inár nOifigí riaracháin i gCaisleán an Bharraigh, Sligeach agus i gCora Droma Rúisc ach tá oifig aige freisin in Ionad Oiliúna Shligigh. Soláthraíonn sé raon iomlán seirbhísí atá leagtha amach faoi ceithre réimse feidhmiúil, mar seo a leanas:

- Airgeadas
- Seirbhísí Corparáideacha
- Acmhainní Daonna
- Tacaíocht TFC

Laistigh de na feidhmeanna tá raon ollmhór saineolais faighte ag an bhfoireann ag cumhdach gach gné de thacaíochtaí oifige a chuireann ar chumas ár scoileanna agus ár n-ionaid Breisoideachais agus Oiliúna díriú ar sheachadadh teagaisc agus foghlama d'ardchaighdeán. Fuair an fhoireann leibhéal suntasach d'eolas corparáideach maidir le fairsinge na seirbhísí a soláthraíodh, lena n-áirítear an creat reachtúil agus rialála faoina bhfeidhmíonn na Boird Oideachais agus Oiliúna.

Tá siad seo a leanas ar roinnt de na príomhthosca a mbeidh tionchar acu ar obair an cholúin seo in 2020:

### **Airgeadas**

Leanann forbairt chreat seirbhísí náisiúnta comhroinnte do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chumhdaíonn na feidhmeanna párolla agus airgeadais agus táthar ag súil go dtosóimid ag obair leis an ngné phárolla i dtreo dheireadh Ráithe 2 den bhliain 2020. Tá sé beartaithe go mbeimid ar an gcuid dheiridh de na Boird Oideachais agus Oiliúna a fheidhmíonn an córas MANSER ESI i láthair na huair chun aistriú chuig an gcóras nua párolla CoreHR agus é mar aidhm a dhul beo i Ráithe 2 den bhliain 2021. Tarlóidh pleanáil lucht oibre agus atheagrú na réimsí oibríochta inmheánaí in 2020 ionas go mbeifear in ann bogadh chuig seirbhísí comhroinnte. Maidir leis an ngné phárolla, tá breis athruithe beartaithe ag BOOMESL ar an bpróiseas párolla in 2020 a éascóidh an t-athrú chuig seirbhísí comhroinnte lena gcuimseofar an phróiseáil phárolla go léir a bhogadh chuig oifig amháin agus leanúint ag forchéimniú córais uathoibríthe chun éilimh phá pháirtaimseartha a chur isteach. Leanfaidh BOOMESL ag obair leis an Oifig Bainistíochta Tionscadail maidir le dul chun cinn an tionscadail seirbhíse comhroinnte agus go sonrach chun uain an chur i bhfeidhm a phleanáil agus an chaoi a mbeidh tionchar aige sin ar riachtanas foirne BOOMESL. Leanfaidh an úsáid a bhí á baint as córais airgeadais dhúbailte a bhí i bhfeidhm ó aistriú na hionaid oiliúna SOLAS roimhe seo chuig BOOMESL in 2014, tá obair ar bun, mar sin féin, ar Chóras nua Bainistíochta Airgeadais náisiúnta agus tá an próiseas soláthair ag dul ar aghaidh go maith.

Tugadh isteach córas iomlán bainistíochta admhála do na scoileanna, rud lena bhfeicfear gach scoil ag bogadh chuig “Way2Pay” faoi Ráithe 2 i mbliana. Laghdaítear leis sin an méid airgid a bheidh le láimhseáil go díreach ag scoil san oifig agus beidh deis ag tuismitheoirí airgead a lóisteáil go díreach chuig cuntais bhainc BOOMESL.





**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## **Seirbhísí Corparáideacha**

Is iad na príomhthosaíochtaí a bheidh ann cloí i gcónaí leis an gCód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 002/2019) a eisíodh go luath in 2019 agus tugtar creat rialachais chuimsitheach agus fhorleathan ann a thugann bonn eolais agus a threoraíonn obair an Bhoird Oideachais agus Oiliúna nua in éineacht le foireann BOOMESL. Leanfaimid ag tabhairt tús áite d'fhorbairt aonad nua soláthair mar aon le tús áite a thabhairt do Shláinte agus Sábháilteacht agus do Chosaint sonraí. Faoinár gClár caipitil ag tráth scríofa na tuarascála seo, tá 15 thionscadal tógála scoile, lena n-áirítear cóiríocht bhreise, oibreacha éigeandála, cóiríocht shealadach, Maoiniú Caipitil Spóirt agus Scéimeanna Oibreacha Samhraidh. Ina theannta sin, tá dhá mheastóireacht campais-uile ar siúl, tá dhá mhórchóiriú á dhéanamh ar an bhfoirgneamh agus ceann eile ar tí tosú go luath. Tá ceithre thionscadal Cóiríochta Bhreise ag dul ar aghaidh freisin agus an cúigiú suíomh beagnach tugtha chun críche.

## **Acmhainní Daonna**

Leanann an Rannóg Acmhainní Daonna ag tabhairt tacaíochta do BOOMESL chun a mhisean agus a chuspóirí a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an Rannóg Acmhainní Daonna tacú le timpeallacht agus le cultúr inar féidir leis an bhfoireann forbairt, rath a bheith air agus rannchuidiú le baint amach ár gcuid spriocanna. Leanfaidh Spriocanna Forbartha na Rannóige Acmhainní Daonna le haghaidh Acmhainní Daonna in 2020 ag obair lena chinntiú go gcomhlíonfaidh BOOMESL an Reachtaíocht Phinsin. Tabharfaidh AD tacaíocht don fhoireann i bhforbairt ghairmiúil leanúnach chun cur ar chumas na foirne freastal ar riachtanais na heagraíochta anois agus sa toadhchá. Tá sé i gceist againn coiste creidiúintí incriminte agus saineolas forbartha a bhunú sa réimse creidiúintí incriminte. Déanfaimid athbhreithniú ar phróisis d'fhonn an cumas digiteach agus an inniúlacht Acmhainní Daonna a fheabhsú agus forbróimid sainoiliúint Acmhainní Daonna don Fhoireann Acmhainní Daonna, chun seirbhís tacaíochta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sheachadadh don eagraíocht. Leanfaimid ag forbairt agus ag cothú caidreamh oibre níos dlúithe laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Tacóidh Acmhainní Daonna le timpeallacht oibre dhearfach agus le folláine na foirne laistigh den eagraíocht.

## **Tacaíocht TFC**

I measc na dtosaíochtaí sa réimse seo forbrófar beartais náisiúnta chomhaontaithe, glacfar iad agus cuirfear chun feidhme iad i réimsí mar Athshlánú Tubaistí agus Leanúnachas Gnó in éineacht lenár gcomhghleacaithe in earnáil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Leanfaimid ag uasghrádú ár líonraí trí freastalaithe nua a chur in ionad sean-fhrestalaithe agus ár gcumais chúltaca a fheabhsú inár n-oifigí riaracháin. Aistreoimid ó dhuillíní tuarastail bunaithe ar pháipéar go dtí duillíní leictreonacha in 2020. Leanfaimid ag tacú leis na scoileanna agus leis na hionaid lena riachtanais TFC trí bhithin seirbhís tacaíochta teicniúil.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## 6. FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ 2020

<b>SEIRBHÍSÍ BOOMES</b>	Iarbhunskoileanna	Coláistí agus cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Bunoideachas do Dhaoine Fásta - Cláir Foghlama Teaghlaigh	- Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) - Dlúth-Theagasc i mBunoideachas do Dhaoine Fásta	Ranganna Tráthnóna
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)	Oideachas Pobail	An tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach
Ógtheagmháil	Scéim um Dheiseanna Gairmoideachais (SDOG)	Acaill Faoin Spéir Ionad Oideachais
Scileanna i gcomhair na hOibre	Music Generation	Obair Óige
Clár Críochnaithe Scoile	Cúrsaí Iae Cúrsaí Oiliúna Oiliúint Sainscileanna Printíseachtaí Seirbhísí do Ghnó	Ionaid Oiliúna Pobail Cláir Sainoiliúna Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla (LTIs) ríomhCholáiste Scéimeanna Deimhnithe Scileanna



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## 7. CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA

	<b>Bliain dar chríoch</b> <b>31/12/2020</b> €	<b>Bliain dar chríoch</b> <b>31/12/2019 *</b> €
Iarbhunscoileanna agus Ceannoifig	39,691,401	44,754,094
Breisoideachas agus Oiliúint	36,956,366	32,611,539
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	-	12,482
Seirbhísí Óige	592,000	588,147
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	5,400,500	5,376,297
Caipiteal	1,950,000	1,198,476
	<b>84,590,267</b>	<b>84,541,035</b>

\* Tá an caiteachas bunaithe ar íocaíochtaí airgid thirim amháin

Níl iniúchóireacht déanta ar luachanna 2019 agus úsáidtear meastacháin i gcás nach bhfuil luachanna deiridh ar fáil.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Iarbhunscoileanna agus Ceannoifig

	Bliain dar chríoch 31/12/2020 €	Bliain dar chríoch 31/12/2019 * €
<b>Pá</b>		
Teagasc	31,179,097	35,706,436
Riarachán	3,485,584	3,406,070
Cothabháil	<u>1,235,996</u>	<u>1,232,288</u>
	<b><u>35,900,677</u></b>	<b><u>40,344,794</u></b>
<b>Neamhphá</b>	<b>2,544,823</b>	<b>2,885,836</b>
<b>Cláir Ghaolmhara</b>		
Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile	468,609	743,420
Deontas Leabhar	137,076	136,870
Deontas Deis agus Teagmháil idir an Baile agus Scoil	112,000	118,133
An Idirbhliain	40,565	127,972
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	16,200	46,535
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach (In aghaidh an Duine)	15,251	12,340
Cúntóir i dTeanga Iasachta	4,000	3,672
Caipitíocht don Lucht Siúil	13,065	23,977
Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht	3,380	2,530
Deontas Rang Speisialta	4,202	-
Tionlacan Iompair	35,000	34,671
Cúrsaí Inseirbhíse	3,300	3,785
Tionscnamh Pleanála i gcomhair Forbairt Scoile	-	37
Deontas Teicneolaíochta Cúnta	8,000	8,179
Deontas Innealtóireachta / Teicneolaíochta	1,000	1,096
Sláinte & Sábháilteacht Obair Adhmadóireachta	-	9,759



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

Deontas TFC	-	4,594
Bonneagar TFC	255,201	212,151
Teicneolaíocht na hArdteistiméireachta	2,000	2,084
Saintrealamh	25,000	24,515
Scéim Aitheantais do Scoil Ghaeltachta	82,052	7,089
Costais Iasachta	20,000	-
Deontas Riaracháin don Teastas Sóisearach	-	129
	<b>1,245,901</b>	<b>1,523,464</b>
	<b>39,691,401</b>	<b>44,754,094</b>

\* Tá an caiteachas bunaithe ar íocaíochtaí airgid  
thirim amháin

Níl iniúchóireacht déanta ar luachanna 2019 agus úsáidtear meastacháin i gcás nach bhfuil  
luachanna deiridh ar fáil.



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

## Breisoideachas agus Oiliúint

	Bliain dar chríoch 31/12/2020	Bliain dar chríoch 31/12/2019 *
	€	€
<b>Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna</b>		
<b>Breisoideachas</b>		
SDOG	3,776,792	3,859,157
Ógtheagmháil	3,200,000	3,116,900
Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail, ESOL, ITABE agus Litearthacht DEIS don Teaghlach	2,071,314	2,215,857
Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	1,457,000	1,720,189
An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach	444,263	479,860
Tionscnamh Riachtanais Speisialta de chuid Ógtheagmhála	97,000	96,822
Scileanna i gcomhair na hOibre	-	229,665
Skills to Advance	500,000	-
Oideachas sna hEalaíona	25,000	25,169
Measúnú QQI atá Ceaptha go hÁitiúil	144,000	146,447
PLC Pá, Neamhphá & SSSF	4,137,334	-
Caipitíocht PLC	295,000	343,390
Treoir/Comhairleoireacht/Seirbhísí Síceolaíochta	33,000	32,917
Fíordheimhniitheoirí Seachtracha QQI	120,000	116,882
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach YR agus SDOG	62,000	60,282
Creat Cáilíochta	10,000	10,210
Ionaid don Lucht Siúil Scothaosta	230,000	238,460
Deisiúcháin agus Cothabháil Áitreabh FE	300,000	426,720
Clár Dídeanaithe do Dhaoine Fásta (Athlonnú)	174,000	174,016
Ciste Feabhsúcháin ETBI	-	14,615
Soláthar agus Tacaíochtaí do Cheantair ard dífhostaíochta Tacaíochtaí d'Fhoghlaimoirí, Faisnéis, Forbairt Curaclaim, TEL agus Cur Chun Cinn	400,000	-
	190,000	-
	<b>17,666,703</b>	<b>13,307,558</b>



**msletb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma  
Mayo, Sligo and Leitrim  
Education and Training Board

### Oiliúint

Soláthraithe Sainoiliúna	3,400,000	3,404,064
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	1,798,854	2,222,366
Foras Ceangail agus Oiliúint Scileanna	1,700,000	2,234,171
Ionaid Oiliúna Pobail	1,931,115	1,888,003
Cúrsaí Oiliúna	2,000,000	1,450,049
Printíseacht	4,310,000	4,068,662
Costais Oibríochta	4,031,367	3,822,243
Cúrsaí Oíche	118,327	214,423
	<b>19,289,663</b>	<b>19,303,981</b>
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán</b>	<b>36,956,366</b>	<b>32,611,539</b>

### Íocaíochtaí Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Deontais agus Scoláireachtaí	-	12,482
	<hr/>	<hr/>
	-	12,482

### Íocaíochtaí Seirbhísí Óige

An tAcht um Obair Óige	140,000	136,935
Deontas do Chlub Óige	72,000	70,070
Caipiteal d'Obair Óige	70,000	65,641
Tionscadail Speisialta Óige do Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste	150,000	158,505
Clár Feasachta an Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach	160,000	156,996
	<hr/>	<hr/>
	<b>592,000</b>	<b>588,147</b>

\* Tá an caiteachas bunaithe ar íocaíochtaí airgid thirim amháin  
Níl iniúchóireacht déanta ar luachanna 2019 agus úsáidtear meastacháin i gcás nach bhfuil luachanna deiridh ar fáil.